Dublin Institute for Advanced Studies
Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath

Annual Report 2007
Tuairisc Bhliantúil 2007



Contents
Clár Ábhair

Chairman's Introduction 2
School of Celtic Studies 4
School of Cosmic Physics 7
School of Theoretical Physics 17
Administration and Finance 21
Staff 22
Financial Statements 27

Réamhrá an Chathaoirligh 2
Scoil an Léinn Cheiltigh 4
Scoil na Fisce Cosmaí 17
Scoil na Fisce Teoiriciúla 17
Riarachán agus Airgeadas 21
An Fhoireann 22
Ráitis Airgeadais 42

Chairman's Introduction
Réamhrá an Chathaoirligh

The annual review shows that 2007 was an exceptionally active year for the Dublin Institute for Advanced Studies (DIAS). An integral part of the research activities of the Institute is to conduct fundamental research on specialised areas of advanced scholarship and in addition to provide training for scholars in advanced research, publications in both print and electronic form resulting from its research and to provide other support services for selected postgraduate scholars.

It is in this area that the Institute's contribution to the National e-Infrastructure deserves recognition. The aim of identifying a system that would cost effectively deliver a strategic step up in the level of computational science in Ireland led to the acquisition of the IBM Blue Gene computer. The system was installed and commissioned in record time. This purchase by DIAS, with the sanction of the HEA, was completed on the understanding that it will be run as a national service by the Irish Centre for High-End Computing (ICHEC). All seven Universities, the Tyndall National Institute the Royal College of Surgeons of Ireland (RCSI) and Dublin Institute of Technology (DIT) have agreed to support the operational costs of running this national facility in a unique partnership of third level research Institutions, under our leadership. The Council recognises and thanks Professor Luke Drury, Senior Professor in the School of Cosmic Physics and the Registrar Mr. Cecil Keaveney for their individual and exceptional skills in negotiating and handling this purchase.

This year was marked by the completion of the merger of the former Astronomy and Astrophysics Sections into a single Section in the School of Cosmic Physics and the move of their research activities to a new premises in 31 Fitzwilliam Place. An increase in the outreach activities in Dunsink Observatory also took place during 2007. Congratulations are in order to the HESS (High Energy Stereoscopic System) consortium of which DIAS is a member, for the achievement in the award of the Descartes Prize for collaborative European Research.

In November 2007, Professor Alan Jones resigned as Director of the School of Cosmic Physics. Council wishes to thank Professor Alan Jones for the hard work and commitment he has given both of which were essential for the School and the Institute to grow and prosper and to play an invaluable role in the promotion of research and scholarship in Ireland and internationally.

Léiríonn an t-athbhreithniú bliantúil gur bhliain shuntasach ghníomhach d'Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath (DIAS) í 2007. Is cuid riachtanach de ghníomhaíochtaí taighde na hInstitiúide ná: buntaighde a dhéanamh i sainréimsí den ardscoláireacht, oiliúint a chur ar fáil do scoláirí freisin sa saintaighde; torthaí an taighde seo a fhoilsiú, i bprionta agus go leictreonach; agus seirbhísí tacaíochta eile a chur ar fáil do scoláirí iarchéime tofa.

Is sa réimse seo atá aitheantas tuillte ag obair na hInstitiúide don ríomh-Infreastruchtúir Náisiúnta. Ceannaíodh ríomhaire Géin-Ghorm IBM toisc go raibh éifeachtúltacht chostais ag baint leis agus go ndéanfadh sé ardú céime straitéiseach ar leibhéal na ríomheolaíochta in Éirinn chun rud a sholáthair rochtain chuig an gcóras ríomhaireachta iltréitheach. Cuireadh isteach agus coimisiúnadh an córas go han-tapa. Thug an HEA cead don DIAS é a cheannach ar an tuiscint go n-oibreoidh Ionad na hÉireann don Ard-Ríomhaireacht (ICHEC) é mar sheirbhís náisiúnta. Aontaíonn na seacht n-ollscoil uile, Institiúid Náisiúnta Tyndall, Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn (RCSI), agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT) go dtacóidh siad le costas reatha na háise náisiúnta seo i gcomhoibriú uathúil d'Institiúidí thaighde náisiúnta a bheidh faoinár gceannaireacht. Aithníonn agus gabhann an Chomhairle a buíochas leis an Ollamh Luke Drury, Ollamh Sinsearach i Scoil na Fisice Cosmaí, agus leis an gCláraitheoir, An tUasal Cecil Keaveney, as a scileanna ar leith maidir le hidirbheartú agus le láimhseáil an cheannacháin seo.

I mbliana, cuireadh i gcríoch comhcheangail na Rannóg Réalteolaíochta agus Réaltfhisice in aon Rannóg amháin i Scoil na Fisice Cosmaí, agus bhog siad gníomhaíochtaí a dtaighde isteach le chéile chuig áras nua i 31 Plás Mhic Liam. Tháinig méadú ar na gníomhaíochtaí for-rochtanna i Réadlann Dhún Since i rith 2007 freisin.

Tá comhghairdeas ag dul do chuibhreannas HESS (córas steiréascóipeach ard-fhuinnimh), ar comhalta de DIAS é, as Duais Descartes a fháil, gradam a bhronntar ar son taighde comhoibríoch san Eoraip.

I mí na Samhna 2007, d'éirigh an tOllamh Alan Jones as Stiúrthóireacht Scoil na Fisice Cosmaí. Is mian leis an gComhairle buíochas a ghabháil leis an Ollamh Alan Jones as a obair chrua agus a dhíogras: bhí an dá rud sin riachtanach d'fhás agus do rath na Scoile agus na hInstitiúide agus lena ról fíorluachmhar i gcur chun cinn an taighde agus na scoláireachta in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Professor Werner Nahm, the Director of the School of Theoretical Physics was instrumental in introducing, for the first time into Europe, an international workshop on Topological Quantum Computing in collaboration with the School of Mathematics in Trinity College Dublin (TCD) and the Department of Mathematical Physics in the N.U.I. Maynooth.

The strengthening collaboration between the Universities and DIAS is welcome, for modern research requires a balance among the educational strata in order to reap the fruits made available by scientific insights and progress.

Council wishes to thank Professor Liam Breatnach for his time and commitment to the School of Celtic Studies during the last three years as Director and welcomes once again Professor Fergus Kelly as the incoming holder of the position. A highlight of the School's year was the launch of Dr. Brian Ó Curnain's comprehensive four volume study *The Irish of Iorras Aithneach, Co Galway,* which occurred in May and the President of Ireland, Her Excellency Mary McAleese was presented with a copy in Áras an Uachtaráin in early June 2007. Professor Liam Breatnach commenced the planning and the organisation of an international Summer School that shall take place in the Institute in 2008.

The School's website (www.celt.dias.ie) continues to receive visitors especially due to the high profile of Irish Script on Screen (ISOS) project. The first phase of the digitisation of the Maynooth collection of Irish manuscripts has been completed and Council thanks Professor Pádraig Ó Macháin for his deep commitment to this ISOS programme over so many years, a project which is invaluable to Ireland and especially to so many scholars worldwide.

The achievements of the Institute in this year would not have been possible without the commitment and enthusiastic involvement of the Professors, the Fellows, the Scholars, the research students and all the staff.

I wish to thank sincerely the Chairmen of the Governing Boards and the Board Members for their commitment to the Institute and their willingness to give so generously of their time.

The Council thanks the Department of Education and Science for their continued interest in the work of the Institute.

I take this opportunity to thank the members of Council and to pay tribute to the staff for their hard work and loyalty to the Institute.

Bhí an tOllamh Werner Nahm, Stiúrthóir Scoil na Fisice Teoiriciúla, gníomhach i dtabhairt isteach, den chéad uair san Eoraip, ceardlann idirnáisiúnta ar ríomhaireacht chandamach thoipeolaíoch, i gcomhoibriú le Scoil na Matamaitice i gColáiste na Tríonóide agus le Roinn na Fisice Mhatamaiticiúla, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad.

Tá treisiú ar an gcomhoibriú idir na hOllscoileanna agus DIAS agus ta fáilte roimhe seo toisc go bhfuil cothromaíocht idir na strataim oideachasúla riachtanach sa taighde nua-aimseartha chun torthaí a bhaint as léargas agus dul chun cinn na heolaíochta.

Is mian leis an gComhairle buíochas a ghabháil don Ollamh Liam Breatnach as a chuid ama agus a dhílseacht do Scoil an Léinn Cheiltigh i rith na dtrí bliana a chaith sé mar Stiúrthóir agus fáiltímid arís roimh an Ollamh Fergus Kelly atá ag teacht i gcomharbacht air. Buaic i mbliain na Scoile ba ea é nuair a seoladh staidéar chuimsithigh 4-iml. an Dr. Brian Ó Curnáin, *The Irish of Iorras Aithneach Co Galway,* i mí an Mhárta, agus go luath i mí an Mheithimh 2007, bronnadh cóip ar Uachtarán na hÉireann, A Shoilse, Máire Mhic Ghiolla Íosa, in Áras an Uachtaráin. Thosaigh an tOllamh Liam Breatnach ar phleanáil agus ar eagrú Scoil Samhraidh idirnáisiúnta a bheidh ar siúil san Institiúid i 2008.

Leanann cuairteoirí ag teacht chuig suíomh Gréasáin na Scoile (www.celt.dias.ie) de bharr ardíomhá ISOS go háirithe. Tá céim a haon de dhigitiú chnuasach láimhscríbhinní Mhaigh Nuad curtha i gcrích agus tá buíochas na Comhairle ag dul don Ollamh Pádraig Ó Macháin as an gceangail láidir atá aige le clár ISOS le blianta fada, tionscadal atá fíorluachmhar d'Éirinn agus go háirithe don oiread sin scoláirí ar fud an domhain.

Ba dheacair mórghníomhartha na hInstitiúide a chur i gcríoch i mbliana gan tiomantas agus gan páirtíocht dhíograsach na nOllúna, na nÁnraí, na mac léinn taighde agus na foirne ar fad.

Is mian liom m'fhíorbhuíochas a ghabháil le Cathaoirligh na mBord Rialaithe agus le Baill na mBord as a dtiomantas don Institiúid agus go raibh siad toilteanach bheith chomh fial lena gcuid ama.

Gabhann an Chomhairle buíochas leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta as a suim leanúnach in obair na hInstitiúide.

Glacaim leis an deis seo chun buíochas a ghabháil le baill na Comhairle, agus chun an fhoireann a mholadh as a gcuid oibre crua agus a ndílseacht don Institiúid.

School of Celtic Studies
Scoil an Léinn Cheiltigh: Achoimre

Dr. Brian Ó Curnáin's comprehensive four-volume study entitled *The Irish of Iorras Aithneach, Co. Galway* was launched on 17 May 2007, and a copy was presented to Her Excellency Mary McAleese, President of Ireland, in a ceremony at Áras an Uachtaráin on 11 June 2007. It was also launched in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in Carna on 20 December 2007. Two other publications of the School were launched at the Royal Irish Academy on 26 September 2007. They are Celtica 25 (edited by Professor Malachy McKenna and Professor Fergus Kelly) and a *Catalogue of Irish Manuscripts in the University of Villanova, Pennsylvania* by William Mahon. A provisional text and translation which the late Professor David Greene made of the Middle Irish poem Saltair na Rann was published on the School's website during the year.

The ongoing demand for our publications made it necessary to reprint the following books during this period: R. I. Best and M. A. O'Brien (ed.), *The Book of Leinster* volume IV, J. Vendryes, *Lexique étymologique de l'irlandais ancien: lettres RS*, Kuno Meyer (ed.), *Fianaigecht*, Sir Ifor Williams (ed.), Armes Prydein: *The Prophecy of Britain*.

The Irish Script on Screen (ISOS) project made steady progress during the year under the direction of Professor Pádraig Ó Macháin. The first phase of the digitisation of the Maynooth collection of Irish manuscripts has been completed, and further work was carried out on the collection of manuscripts in the Royal Irish Academy. The high profile of ISOS is reflected in the fact that the total number of visits to the website during 2007 amounted to 2,116,865. The School website (www.celt.dias.ie) continued to develop under the guidance of Professor Pádraig Ó Macháin and Andrew McCarthy.

Current and retrospective cataloguing of the library continued under the direction of the Librarian Margaret Kelly and acquisitions continued in subject areas relevant to the research work of the School. Research and bibliographic queries from members of the School and from visitors were dealt with. Heritage Online was launched in February: the online catalogue can now be searched by members of the School from their offices via the intranet. At the same time, the library intranet website was launched. A library security system was purchased during the year. During the summer two students – Maureen Quinn and Stephanie Rousseau – were employed, and made good progress on various projects in the library: the indexing of the special collection and of the map collection, and retrospective cataloguing.

Professor Malachy McKenna continued work on his

Seoladh staidéar cuimseathach an Dr. Brian Ó Curnáin i gceithre imleabhar dar teideal *The Irish of Iorras Aithneach, Co. Galway* ar an 17 Bealtaine 2007, agus bronnadh cóip ar a Soillse Máire Mhic Ghiolla Íosa, Uachtarán na hÉireann, ag ceiliúradh in Áras an Uachtaráin ar an 11 Meitheamh 2007. Seoladh arís é in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i gCarna ar an 20 Nollaig 2007. Seoladh dhá fhoilseachán eile de chuid na Scoile in Acadamh Ríoga na hÉireann ar an 26 Meán Fómhair 2007. Is iad sin Celtica 25 (curtha in eagar ag an Ollamh Malachy McKenna agus ag an Ollamh Fergus Kelly) agus *Catalogue of Irish manuscripts in the University of Villanova, Pennsylvania* le William Mahon. Foilsíodh téacs agus aistriúchán sealadach a rinne an tOllamh Daithí Ó hUaithne (nach maireann) ar an ndán Meán-Ghaeilge Saltair na Rann ar shuíomh idirlín na Scoile i rith na bliana.

Mar gheall ar an éileamh leanúnach a bhíonn ar ár gcuid foilseachán caitheadh na leabhair seo leanas a chur i gcló arís sa tréimhse seo: R. I. Best agus M. A. O'Brien (eag.), *The Book of Leinster* imleabhar IV, J. Vendryes, *Lexique étymologique de l'irlandais ancien: lettres RS*, Kuno Meyer (eag.), *Fianaigecht*, Sir Ifor Williams (eag.), *Armes Prydein: The Prophecy of Britain*.

Rinne an tionscnamh Meamram Páipéar Ríomhaire (MPR) dul chun cinn cothrom i rith na bliana faoi stiúradh an Ollaimh Pádraig Ó Macháin. Críochnaíodh an chéad ré de dhigitiú chnuasach lámhscríbhinní Gaeilge Mhá Nuad, agus leanadh le hobair ar an gcnuasach lámhscríbhinní in Acadamh Ríoga na hÉireann. Fuair suíomh idirlín MPR 2,116,865 cuairt in aghaidh na bliana, a léiríonn dea-cháil an tionscnaimh seo. Lean suíomh idirlín na Scoile (www.celt.dias.ie) ag fás faoi stiúradh an Ollaimh Pádraig Ó Macháin agus Andrew McCarthy.

Leanadh le catalógú reatha agus aisbhreathnaitheach na leabharlainne faoi stiúradh an Leabharlannaí Margaret Kelly, agus leanadh ag cur le líon na bhfoilseachán i réimsí a bhaineann le hobair taighde na Scoile. Déileáladh le ceisteanna taighde agus bibleagrafaíochta ó bhaill na Scoile agus ó chuairteoirí. Cuireadh tús le Heritage Online i mí Feabhra: is féidir le baill na Scoile an chatalóg a chuardach anois óna n-oifig tré mheán an inlín. Ag an am chéanna cuireadh tús le suíomh inlín na Leabharlainne. Ceannaíodh córas slándála leabharlainne i rith na bliana. I rith an tsamhraidh, fostaíodh beirt mhac léinn, Maureen Quinn agus Stephanie Rousseau, agus rinne siad dul chun cinn maith ar thionscnaimh áirithe sa leabharlann: innéacsú an chnuasaigh speisialta agus an chnuasaigh léarscáileanna, agus catalógú

linguistic study of the Irish of Rann na Feirste, Co. Donegal, and made a number of field-trips to the area. Dr. Brian Ó Curnáin worked on a monograph devoted to the Irish of East Galway.

Work leading to the completion of the fourth volume of the *Bibliography of Irish Linguistics and Literature* has been carried out by the Bibliographer, Alexandre Guilarte, with the inclusion of new material from academic periodicals in the field of Irish studies.

Professor Liam Breatnach finished his seminar on a Middle Irish poem on Viking Dublin, and Professor Pádraig Breatnach commenced a seminar on poetry on the O'Donnells. Professor Pádraig Ó Macháin continued his work of preparing previously unedited poems by Fearghal Óg mac an Bhaird for publication in *Celtica*. Bergin Fellow Dr. Roisín McLaughlin finalised her book on *Early Irish Satire*, which is due for publication in 2008. She also continued her seminar on a Middle Irish metrical tract. Bergin Fellow Dr. Clodagh Downey worked on an edition of the poems of Cúán Ua Lothcháin († 1024). O'Donovan scholar Dr. Nora White continued work on an edition of the Old Irish 'Rule of Mochuta', and O'Donovan scholar Dr. Brent Miles completed an edition of a Middle Irish version of the Theban cycle entitled *Riss in Mundtuirc*. O'Donovan scholar Gordon Ó Riain continued work on editing the poems of Maol Eachlainn na nUirscéal Ó hUiginn for his doctoral thesis.

Professor Liam Breatnach continued with his edition of the Old Irish law-text *Córus Bésgnai*, and Professor Fergus Kelly made progress on his edition of the Legal Treatise by Giolla na Naomh Mac Aodhagáin († 1309). Dr. Michelle O Riordan's book *Irish Bardic Poetry and Rhetorical Reality* was published by Cork University Press, and launched in the Institute on 26 June 2007. O'Donovan scholar Freya Verstraten finalised her doctoral thesis 'The Anglicisation of the Gaelic Irish nobility c. 1169 – c. 1366'.

The Annual Tionól took place on Friday 16 and Saturday 17 November 2007, organised by Professor Pádraig Ó Macháin with assistance from the School Administrator Eibhlín Nic Dhonncha. The attendance numbered more than a hundred, and a total of twenty papers were presented in Irish and English by speakers from Ireland, Wales, England, Brittany, Germany, Sweden, Canada and the USA. The statutory public lecture was given by Dr Katharine Simms, senior lecturer in the School of History, Trinity College Dublin, who spoke to a large attendance on the topic 'The Nature and Function of Bardic Poetry: an introduction to the DIAS bardic poetry database'.

The second Myles Dillon Memorial Lecture was delivered

aisbhreathnaitheach.

Lean an tOllamh Malachy McKenna ag obair ar a staidéar teangeolaíochta ar chanúint Rann na Feirste, Co. Dhún na nGall, agus rinne sé obair pháirce sa cheantar sin. D'oibrigh an Dr. Brian Ó Curnáin ar mhonagraf faoi Ghaeilge Oirthir na Gaillimhe.

Choinnigh Alexandre Guilarte air ag obair ar thionscnamh Bhibleagrafaíochta Theangeolaíocht is Litríocht na Gaeilge, agus tá dul chun cinn déanta aige ar imleabhar IV, le breis ábhair ó irisleabhair acadúla i réimse an Léinn Cheiltigh.

Chríochnaigh an tOllamh Liam Breatnach a sheimineár ar dhán Mheán-Ghaeilge ar Bhaile Átha Cliath na Lochlannach, agus chuir an tOllamh Pádraig Breatnach tús le seimineár ar dhánta ar Chlann Dálaigh. Choinnigh an tOllamh Pádraig Ó Macháin air ag ullmhú eagráin de dhánta neamhfhoilsithe Fhearghail Óig Mhic an Bhaird le haghaidh *Celtica*. Chuir an Dr. Roisín McLaughlin, Comhalta Uí Aimhirgín, bailchríoch ar a leabhar *Early Irish Satire*, a fhoilseofar i 2008. Chomh maith leis sin, lean sí ar a seimineár ar thráchtas meadarachta Meán-Ghaeilge. D'oibrigh an Dr. Clodagh Downey, Comhalta Uí Aimhirgín, ar eagrán de dhánta Chúáin Uí Lothcháin († 1024). Lean an Dr. Nora White, scoláire Uí Dhonnabháin, ar eagrán de 'Riagail Mochuta', agus chríochnaigh an Dr. Brent Miles, scoláire Uí Dhonnabháin, eagrán de leagan Mheán-Ghaeilge den Sraith Théibeach *Riss in Mundtuirc*. Choinnigh Gordon Ó Riain, scoláire Uí Dhonnabháin, air ag obair ar eagrán de dhánta Mhaol Eachlainn na nÚirscéal Uí Uiginn le haghaidh a thráchtais dochtúireachta.

Lean an tOllamh Liam Breatnach lena eagrán den téacs dlí Sean-Ghaeilge *Córus Bésgnai*, agus choinnigh an tOllamh Fergus Kelly air ag obair ar eagrán den *Tráchtas Dlí* de chuid Ghiolla na Naomh Mhic Aodhagáin († 1309). Foilsíodh leabhar an Dr. Michelle O Riordan, *Irish Bardic Poetry and Rhetorical Reality*, Cló Ollscoile Corcaigh, agus seoladh é san Institiúid ar an 26 Meitheamh. Chuir Freya Verstraten, scoláire Uí Dhonnabháin, bailchríoch ar a tráchtas dochtúireachta 'The Anglicisation of the Gaelic Irish nobility c. 1169 – c. 1366'.

Reachtáladh Tionól bliantúil na Scoile Dé hAoine agus Dé Sathairn an 16 agus an 17 Samhain 2007; is é an tOllamh Pádraig Ó Macháin, le cabhair ó Riarthóir na Scoile Eibhlín Nic Dhonncha, a d'eagraigh é. Bhí níos mó ná céad duine páirteach ann, agus léadh fiche páipéar le scoláiri ó Éirinn, ón Bhreatain Bheag, ó Shasana, ón Bhriotáin, ón Ghearmáin, ón tSualainn, ó Cheanada, agus óna Stáit Aontuithe. Ba í an Dr. Katharine Simms, léachtóir sinnsearach i Scoil na Staire i gColáiste na Tríonóide a thug an léacht reachtúil ar an ábhar 'The Nature and Function of Bardic Poetry: an introduction to the DIAS bardic poetry database', agus bhí líon maith daoine i

to an audience of approximately one hundred on 18 May 2007. The lecturer was Professor Peter Schrijver of the University of Utrecht, who spoke on the topic 'The neighbours of Celtic: Family or Friends? The relationship between Celtic, Italic and Germanic revisited'.

The School of Celtic Studies was well represented at the Thirteenth International Congress of Celtic Studies, held from 23-27 July 2007 at the University of Bonn in Germany, where six papers were delivered by members of the School. Professor Fergus Kelly gave a series of lectures in April 2007 at Moscow and St Petersburg State Universities.

The School's application to the Irish Research Council for the Humanities and Social Sciences was successful, and Dr Gerald Manning was awarded a Postdoctoral Fellowship commencing on 1 September 2007. He will prepare a critical edition of the Old Irish law-text *Uraicecht Becc* under the supervision of Professor Liam Breatnach. Dr Caoimhín Breatnach (University College Dublin) was appointed a Visiting IRCHSS Research Fellow from 1 September 2007. Freya Verstraten was appointed an O'Donovan scholar from 1 October 2007.

The death occurred in the Isle of Man of Robert L. Thomson, formerly Reader in Celtic at the University of Leeds, and Research Associate at the School from 1991. Over the years he carried out a great deal of work on behalf of the School, and edited three texts for the Medieval and Modern Welsh Series: *Pwyll Pendeuic Dyuet* (1957), *Owein* (1968), and *Ystorya Gereint uab Erbin* (1997), all of which are still in much demand.

láthair ag an ócáid seo.

Tugadh an dara Léacht Chuimhneacháin Mhaolmhuire Díolúin ar an 18 Bealtaine 2007, agus bhí tuairim céad duine i láthair. Is é an tOllamh Peter Schrijver as Ollscoil Utrecht, a thug an léacht 'The Neighbours of Celtic: Family or Friends? The relationship between Celtic, Italic and Germanic revisited'.

Tionóladh an 13ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar an Léann Cheilteach idir 23-27 Iúil 2007 in Ollscoil Bonn sa Ghearmáin. Léadh sé páipéar le baill na Scoile ar an ócáid seo. I mí Aibreáin 2007 thug an tOllamh Fergus Kelly sraith léachtaí in Ollscoil Stáit Mhoscó agus in Ollscoil Stáit St Petersburg.

D'éirigh le hiarratas na Scoile ar an gComhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta, agus bronnadh Comhaltacht Iardhochtúireachta ar an Dr Gerald Manning ag tosú ar an 1 Meán Fómhair 2007. Ullmhóidh sé eagrán criticiúil den téacs dlí Sean-Ghaeilge *Uraicecht Becc* faoi stiúradh an Ollaimh Liam Breatnach. Ceapadh Dr Caoimhín Breatnach (Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath) mar Chomhalta Cuairte CTDES ó 1 Meán Fómhair 2007. Ceapadh Freya Verstraten mar scoláire Uí Dhonnabháin ó 1 Deireadh Fómhair 2007.

Cailleadh in Inis Mhanainn Robert L. Thomson, iar-Léitheoir le Ceiltis in Ollscoil Leeds, agus Comhalta Taighde de chuid na Scoile ón mbliain 1991 i leith. Thar na blianta rinne sé neart oibre ar son na Scoile agus chuir sé in eagar trí théacs don Sraith Meán- agus Nua-Bhreathnaise: *Pwyll Pendeuic Dyuet* (1957), Owein (1968), agus *Ystorya Gereint uab Erbin* (1997), leabhair a bhfuil an-éileamh orthu i gcónaí.

The Chairman of the Board, Professor Anders Ahlqvist with Professors Malachy McKenna and Fergus Kelly, editors of *Celtica 25*, in the Royal Irish Academy.

Cathaoirleach an Bhoird, an tOllamh Anders Ahlqvist, in éineacht le heagarthóirí Celtica 25, na hOllúna Malachy McKenna agus Fergus Kelly, in Acadamh Ríoga na hÉireann.

Professor Fergus Kelly with students and staff at the Faculty of History, State University of Moscow.

An tOllamh Fergus Kelly in éineacht le mic léinn agus foireann ag Dámh na Staire, Ollscoil Stáit Mhoscó.

School of Cosmic Physics
Scoil na Fisce Cosmaí

Astronomy and Astrophysics Section Research Summary 2007

1 Introduction

The year was marked by the completion of the merger of the former Astronomy and Astrophysics Sections into a single Section, and the move of the research activities of this Section to new premises in 31 Fitzwilliam Place. The IT support staff put in an enormous amount of work to have the necessary infrastructure available on time and, despite the inevitable teething problems, the move went remarkably smoothly, in large part due to the fact that everyone helped out as necessary. The Section retains the use of two huts in Merrion Square to provide accommodation for Emeritus staff and some back-office functions as well as Dunsink Observatory for outreach activities, visitor accommodation, library storage and other ancillary functions.

Despite the disruption caused by this reorganisation and relocation, the year was productive in terms of scientific output with some sixty four refereed publications appearing in print, a further fifty nine non-refereed publications, and another book in the JETSET lecture notes series. In addition, two major conferences were hosted in Dublin and members of the Section were regularly asked to give invited talks at major international meetings and to serve on the scientific organising committees for such meetings.

2 Research highlights

The H.E.S.S. (High Energy Stereoscopic System) of four imaging atmospheric Cherenkov telescopes, operated in Namibia by a consortium, of which DIAS is a member, continues to produce a steady stream of new results and has opened up a new astronomical window in very high energy gamma-rays of energy around 0.1 TeV. These gamma-rays can only be produced by charged particles which themselves have energies around 1 TeV. To put this in context, a simple estimate shows that supernova remnants can accelerate particles at about 1000 volts per second; thus after only a few seconds one is at the keV energy scale typical of X-ray astronomy, but to reach the TeV scale one has to wait some 30 years! The TeV sky revealed by HESS has proven to be remarkably rich with a variety of Galactic sources including the long anticipated shell-type supernova remnants, pulsar wind nebulae, young star clusters, microquasars and X-ray binary systems, but also a significant number of mysterious unidentified sources (the so-called dark accelerators).

Réalteolaíocht agus Réaltfhisic Achoimre Taighde 2007

1 Réamhrá

I mbliana tháinig an dá Rannóg seo, Réalteolaíocht agus Réaltfhisic, le chéile nuair a bhog gníomhaíochtaí taighde na Rannóg seo go dtí áitreamh nua i 31 Plás Mhic Liam. Rinne an fhoireann IT an t-uafás oibre chun an infreastruchtúr riachtanach a chur ar fáil in am, agus in ainneoin roinnt fadhbanna tosaigh dosheachanta, d'imigh an t-aistriú bog go leor, de bharr gur chabhraigh gach aon duine nuair ba ghá. Tá dhá bhothán in úsáid ag an Rannóg i gCearnóg Mhuirfean mar chóiríocht oifige don fhoireann Emeritus agus roinnt feidhmeanna cúloifige, chomh maith le Réadlann Dhún Since le haghaidh gníomhaíochtaí for-rochtána, cóiríocht do chuairteoirí, stóráil leabharlainne, agus feidhmeanna eile.

In ainneoin go ndearna an t-atheagrú seo agus an t-athlonnú seo cíor thuathail de na Rannóga, bliain shuntasach tháirgiúil a bhí ann maidir le táirgeacht eolaíochta; foilsíodh ceithre cinn is seasca d'fhoilseachán measúnaithe, foilsíodh naoi gcinn is caoga d'fhoilseachán eile neamh-mheasúnaithe, agus leabhar eile sa tsraith nótaí léachta JETSET. Anuas air sin, óstáileadh dhá chomhdháil mhóra i mBaile Átha Cliath agus iarradh go rialta ar bhaill rannóige cainteanna a thabhairt ag cruinnithe móra idirnáisiúnta agus chun freastail ar na coistí eolaíochta a eagraíonn a leithéid.

Participants in the international conference 'High-Energy Phenomena associated with Relativistic Outflows' pictured before the conference dinner on the steps of the TCD dining hall.

Grianghraf de na rannpháirtithe sa chomhdháil idirnáisiúnta 'Feiniméin Ardfhuinnimh comhcheangailte le hEis-sreafaí coibhneasaíocha' a tógadh roimh an dinnéar comhdhála ar chéimeanna seomra bia TCD.

2 Buaiceanna thaighde

Leanann córas steiréascópach ardfhuinnimh HESS – ceithre theileascóp íomháuithe Cherenkov ar an atmaisféar atá cuibhreannas ag oibriú sa Namaib, agus is ball den chuibhreannas é DIAS. Soláthraíonn HESS sruth rialta de thorthaí suntasacha agus tá fuinneog réalteolaíochta nua oscailte aige i ngáma-ghathanna ardfhuinnimh thart ar 0:1 TeV. Ní féidir na gáma-ghathanna seo a tháirgeadh ach amháin le cáithníní luchtaithe d'fhuinnimh thart ar 1 TeV. Léiríonn meastachán simplí gur féidir le hiarsmaí ollnóva cáithníní a luasghéarú ag thart ar 1000 volta sa soicind;

Interpreting these observations almost always requires the use of information from a number of other astronomical wavelengths and techniques as well as a detailed theoretical and numerical study of possible models.

A particular highlight of this work during the year was the detection by Prof. Felix Aharonian, with Japanese collaborators, of rapid (one year time scale) brightening and fading of non-thermal X-ray emission spots on the rim of the supernova remnant RXJ1713-3945, an iconic HESS source and the first supernova remnant to be spatially resolved in TeV emission. The importance of this result (reported in the prestigious journal Nature) is that it confirms the expectation from theory that in these objects the local magnetic fields can be amplified by significant factors (a hundred times or more) and that there is very fast local acceleration at the outer shock front bounding these remnants. This is necessary if, as long suspected, they are the sources of the bulk of the Galactic cosmic rays. A definitive, but very difficult test of this idea, would be the detection of high-energy neutrinos from such objects and the Section is participating in a European Design Study, KM3NeT, which is planning a large underwater neutrino telescope to be located in the Mediterranean sea.

In extragalactic TeV astronomy, perhaps the most exciting results were the detection of very rapid time variability in a strong flare from the southern blazar PKS 2155-304 as well as in M87. M87 is of great interest as the first non-blazar Active Galactic Nucleus (AGN) to be seen at TeV energies, but the observations gain further interest because the variability, on time scales of days, constrains the emission to come from rather close to the central black hole. In the case of PKS2155-304 we are looking straight down the jet and Doppler beaming corrections have to be applied, but in this case the variability down to scales of a few minutes implies that we must again be looking at emission coming from very close to the black hole and with a Doppler factor of about 100.

The extraordinary success of the H.E.S.S. (High Energy Stereoscopic System) project was recognised by the award of the Descartes prize 2006 for collaborative European research at a ceremony in Brussels on 7 March 2007.

Another major area of research in the Section is the study of star formation, and in particular the jets and outflows that appear to be universal accompaniments of this process. The universality of the phenomenon was underlined by the recent detection, as reported last year, of jets from brown dwarfs (objects so light that they fail to ignite nuclear burning and thus do not become proper stars).

tar éis cúpla soicind mar sin, bíonn ceann amháin ag an scála fuinnimh keV atá tipiciúil sa réalteolaíocht x-ghathach; ach chun an scála TeV a shroicheadh, is gá feitheamh 30 bliana! Is léir gur réimse an-saibhir suntasach d'fhoinsí réaltrach í an spéir TeV atá nochtaithe ag HESS, ina measc, tá na hiarmsmaí den ollnóva fadréamh-mheasta le cruth blaoisc, réaltnéalta gaoithe pulsáir, braislí de réaltaí óga, mícrea-cuasáir agus córais déréalta x-ghathach, ach chomh maith leis sin, líon suntasach d'fhoinsí mistéaracha neamhaitheanta (na luasairí dorcha, mar a thugtar orthu). Chun ciall a bhaint as na breathnuithe seo, bíonn sé riachtanach eolas a úsáid ó thonnfhaid agus ó theicnící eile chomh maith le mionscrúduithe teoiriciúla agus uimhriúla ar shamhlacha a d'fhéadfadh a bheith ann.

Buaic faoi leith den obair seo i rith na bliana ba ea gur fhionn an tOll. Felix Aharonian lena chomhoibreoirí Sheapánaigh gealadh agus laghdú an-tapa (amscála bliana amháin) de spotaí astúcháin x-ghathacha neamhtheirmeacha ar imeall an iarsma ollnóva RXJ1713-3945, foinse íocónach HESS agus an chéad iarsma ollnóva a rinneadh taifeach spásúil air in astú TeV. Is é tábhacht an toraidh seo (tuairiscithe san iris cháiliúil Nature) ná go ndeimhníonn sé an t-ionchas ón dteoiric gur féidir na réimsí maighnéadacha áitiúla sna réada seo a aimpliú faoi fhachtóirí suntasacha (céad uaire nó níos mó) agus go bhfuil luasghéarú áitiúil an-tapa ag an éadan turrainge seachtrach ar imeall na n-iarsmaí seo. Tá sé seo riachtanach más iad seo foinsí toirte na ngathanna cosmacha réaltracha, faoi mar a ceapadh le fada. Tastáil dheifnídeach ach casta ar an idé seo ba ea í a d'fhionnfadh neoidríonónna ardfhuinnimh óna leithéid de réada agus tá an rannóg páirteach i ndearadh staidéar Eorpach, KM3net, atá ag pleanáil le haghaidh teileascóp neoidríonó mór faoi uisce le bheith lonnaithe sa Mheánmhuir.

I réalteolaíocht eachtar-réaltrach TeV, is dócha gurb iad na torthaí ba spreagúla ná inathraitheacht ama an-mhear a aimsiú i mbladhm láidir ón mblazar deisceartach PKS 2155-304 agus in M87 freisin. Tá M87 an-suimiúil mar an chéad núicléas gníomhach neamhblazar (AGN) a chonacthas ag fuinnimh TeV ach tá na breathnuithe níos suimiúla fós toisc na hinathraitheachta, ar amscálaí laethanta, a chuireann iallach ar an astú a thagann as gar go leor don dúpholl lárnach. I gcás PKS2155-304 táimid ag breathnú go díreach síos an scaird agus caithfear ceartúcháin léis Doppler a chur i bhfeidhm; ach sa chás seo tugann an inathraitheacht síos go scálaí roinnt nóiméid le fios go gcaithfidh go bhfuilimid ag breathnú ar astú ag teacht as áit an-ghar don dúpholl agus le fachtóir Doppler thart ar 100.

Aithníodh rath iontach an tionscnaimh HESS nuair a bronnadh gradam Descartes 2006 le haghaidh taighde Eorpaigh chomhoibríoch ag searmanas sa Bhruiséil ar an 7 Márta 2007.

This discovery, only the second reported and at a mere 26 Jupiter masses the lowest mass astronomical jet source known, was published by Dr Emma Whelan and collaborators during the year. A press release describing the work was issued by the European Southern Observatory (ESO 24/07 issued on 23 May) and a further 30 hours of observing time on the Very Large Telescope was granted to extend it to other objects. Initial results already indicate the discovery of a third outflow associated with another brown dwarf.

The star formation work pushes the limits of what can be achieved in terms of angular resolution using currently available instruments. The successor to the Hubble Space Telescope, the James Webb Space Telescope (JWST), will take this a step further. The Institute is contributing to one of the European instruments being built for the JWST and organised a review meeting for the JWST project in the Royal Hospital, Kilmainham (RHK), in June which was attended by some 300 project administrators, contractors and scientists. A full-scale model of the JWST was on display in the grounds of the RHK and attracted considerable public interest.

The full-scale model of the James Webb Space Telescope on display in the grounds of the Royal Hospital Kilmainham.

An tSamhail lánscála den Teileascóp Spáis James Webb ar taispeáint í dtailte an Ospidéil Ríoga, Cill Mhaighneann.

Gamma-ray bursts (GRBs), for many decades an enigma, are now known to originate in the most violent explosions in the universe and to be located at cosmological distances. The breakthrough was the discovery several years ago of faint, rapidly fading, X-ray and optical afterglows associated with the GRB. To capture these afterglows, robotic telescopes are required which automatically swivel to the location of a burst when triggered by satellite observations. The Section is involved with two such projects, REM and ROTSE. The detection by the REM telescope collaboration, for which DIAS constructed part of the camera system in 2006, of the initial rise and subsequent decay of the optical afterglow emission in two events was published by the REM team with Susanna Vergani, a Hamilton scholar in the school, and used to estimate the initial expansion speed of the explosion. This work was also the subject of a European Southern Observatory (ESO) press release (ESO 26/07 issued on 12 June). The ROTSE consortium published an

Réimse taighde thábhachtaigh eile sa rannóg is ea staidéar ar fhoirmíocht réaltaí, ach go háirithe na scairdeanna agus na heis-sreafaí a ghabhann leis an bpróiseas i gcónaí de réir dealramh. Leagadh béim ar uilíocht an fheiniméin le déanaí, mar a tuaraiscíodh anuraidh, nuair a fionnadh scaird as abhaic donna (réada atá chomh héadrom sin go dteipeann orthu dó núicléach a adhaint agus dá réir nach n-éiríonn siad ina réaltaí cearta). D'fhoilsigh an Dr Emma Whelan agus a comhoibritheoirí an fhionnachtain seo i rith na bliana, an dara ceann a tuairiscíodh riamh; agus níl sé ach 26 uair mais an phláinéid lúpatar; seo é an fhoinse réaltrach is ísle mais scaird a breathnaíodh riamh. Bhí cur síos ar an obair i bpreaseisiúint ESO 24/07 (23 Bealtaine) ó Réadlann Dheisceart na hEorpa agus fuarthas 30 uair an chloig bhreise d'am breathnaithe ar an Teileascóp Ollmhór chun é a leathnú go dtí réada eile. Cheana féin, léiríonn na chéad torthaí fionnachtan tríú eis-sreabhadh in éineacht le habhac donn eile.

Leathnaíonn an obair ar fhoirmíocht réaltaí teorainneacha na rudaí is féidir a chur i gcrích maidir le taifeach uilleach ag baint úsáid as na hionstraimí atá ar fáil. Bogfaidh Spásteileascóp James Webb (JWST, a leanfaidh Spásteileascóp Hubble) é céim eile ar aghaidh. Tá an Institiúid ag cuidiú le ceann de na hionstraimí atá á thógáil don JWST, agus i mí an Mheithimh d'eagraigh sí cruinniú athbhreithnithe don tionscadal JWST san Ospidéal Ríoga, Cill Mhaighneann, agus bhí thart ar 300 i láthair, ina measc, riarthóirí tionscadail, conraitheoirí agus eolaithe. Bhí samhail lánscála den JWST ar taispeáint ar thailte an ORCM agus bhí an-suim ag an bpobal inti.

Bhí foinse roiseanna gáma-gha (GRB) ina dhúcheist ar feadh cuid mhaith de bhlianta, ach tuigtear anois go dtosaíonn siad sna pléascanna is foréignî sa chruinne agus go bhfuil siad le fáil ag faid chosmeolaíocha. Tháinig an dul chun cinn seo chun cinn roinnt blianta ó shin nuair a fuarthas iarlaomanna laga x-ghathacha optúla a laghdaigh go tapa a raibh baint acu le GRB. Chun na hiarlaomanna seo a ghabháil, tá teileascóip róbatacha de dhíth a sclóineann go huathoibríoch go dtí suíomh an roise, nuair a chuireann breathnuithe satailíte ar siúl é. Tá an rannóg páirteach in dhá thionscadal den chineál seo, REM agus ROTSE. Bhí DIAS ag comhoibriú le REM agus thóg DIAS cuid de cheamara an teileascóip a d'fhionn ardú tosaigh agus ansin dul i leig astú an iarlaoma optúil in dhá teagmhas. D'fhoilsigh foireann REM, agus Susanna Vergani (scoláire Hamilton sa Scoil) na torthaí, agus baineadh úsáid astu chun luas tosaigh fhairsingiú na pléisce a mheas. Bhí an obair seo i bpreaseisiúint ESO freisin (ESO 26/07, a eisíodh ar an 12 Meitheamh). D'fhoilsigh cuibhreannas ROTSE anailís ar rois chianda ag deargaistriú z =5:47 agus léirigh siad

analysis of a very distant burst, at a red-shift z =5:47 and showed that these events can be used as probes of the very early universe (the so-called "Dark Ages").

The High-Energy Physics Associated with Relativistic Outflows in a broad range of sources, from Galactic binary systems and pulsars to GRBs and AGNs was the topic of a workshop organised by DIAS from 24 to 28 September 2007. The meeting attracted some 116 scientists including a number of "big names" and produced a lot of excellent presentations and discussions. The proceedings will be published as a special edition of the International Journal of Modern Physics D in 2008.

A final important caveat is that, in addition to the above highlights, there were also a great many more technical contributions dealing with interstellar dust properties, the role of magnetic fields, plasma physics, runaway stars, details of specific models, computational techniques etc. This short summary can of necessity only focus on a few topics of broad interest or novelty and the detailed research report should be consulted for a proper overview of the activity of the section.

3 Contributions to the National e-Infrastructure

The section has been actively involved in building up the national computational infrastructure over the last five years, initially through the PRTLI cycle 3 programme CosmoGrid. Cosmo-Grid, together with NUI,Galway, other university partners and another PRTLI-3 project, the Trinity College Dublin-based IITAC, were successful in leveraging additional funding from Science Foundation Ireland (SFI) to set up the Irish Centre for High-End Computing, ICHEC. Prof. Luke Drury stepped down as acting director of ICHEC at the start of the year, but continued as a member of the oversight board. He coordinated the Institute's application under PRTLI cycle 4 which secured a further 9.5MEuro for the development of an integrated national e-Infrastructure through the e-INIS programme.

In parallel to this activity, the European public procurement exercise, begun in 2006 under the aegis of HEAnet on behalf of DIAS, ICHEC and the third level community with the support of the Higher Education Authority (HEA) to identify a capability computing system, concluded. The aim was to identify a system that would cost-effectively deliver a strategic step-up in the level of computational science in Ireland by providing access to a true capability computing system and the final recommendation was for an IBM Blue Gene solution. Contracts were signed at the end of November and the system was installed and commissioned in record time, completing its acceptance tests just after Christmas. Formal acceptance of delivery took place on 27 December 2007.

gur féidir na teagmhais seo a úsáid mar rud a dhéanann scrúdú ar an gcruinne fhíorluath (an "Ré Dhorcha" mar a thugtar air).

Is í an bhaint atá ag an bhfisic ardfhuinnimh le heis-sreafaí coibhneasaíocha i réimse leathan d'foinsí, ó chórais déréalta réaltracha agus pulsáir go GRB agus AGN, a bhí mar théama ag ceardlann a d'eagraigh DIAS ón 24 go 28 Meán Fómhair 2007. Mheall an cruinniú 116 eolaí, roinnt díobh an-cháiliúil, agus bhí a lán cur i láthair agus pléanna den scoth. Foilseofar na himeachtaí mar eagrán speisialta den International Journal of Modern Physics D i 2008.

Caveat tábhachtach deiridh: anuas ar na buaic thuasluaite, bhí an-chuid ionchur eile chomh maith ag baint le hairíonna deannaigh idir-réaltaigh, ról réimsí maighnéadacha, fisic phlasma, réaltaí éileathacha, sonraí samhlacha faoi leith, teicnící ríomhaireachtúla, srl. San achoimre ghairid seo ní féidir ach díriú ar roinnt ábhar spéise ginearálta nó ábhar le húrnuacht ag baint leo; ba chóir breathnú ar an miontuairisc thaighde chun forbhreathnú ceart a fháil ar ghníomhaíocht na rannóige.

3 Rudaí atá déanta ar son r-Infreastruchtúr Náisiúnta

Bhí an rannóg gníomhach le cúig bliana anuas i dtógáil infreastruchtúir ríomhaireachtúil náisiúnta, ar dtús tríd an gclár CosmoGrid faoi PRTLI timthriall 3. D'éirigh le CosmoGrid, i gcomhar le NUI,G, comhpháirtithe ollscoile eile agus tionscadal eile faoi PRTLI-3, IITAC, lonnaithe i TCD, cistiú breise a fháil ó SFI chun Ionad na hÉireann don Ard-Ríomhaireacht (ICHEC) a bhunú. D'éirigh an tOll. Luke Drury as a phost mar stiúrthóir gníomhach ICHEC ag tús na bliana ach lean sé mar bhall den bhord maoirseachta. Chomhordaigh sé iarratas na hInstitiúide faoi PRTLI timthriall 4 a fuair 9.5M euro breise d'fhorbairt r-Infreastruchtúir comhtháite náisiúnta tríd an gclár INIS.

Comhthreomhar leis an ngníomhaíocht seo, tháinig deireadh leis an ghníomh Eorpach chun soláthar don earnáil phoiblí, a thosaigh i 2006 faoi choimirce HEAnet ar son DIAS, ICHEC agus an phobail tríú leibhéil le tacaíocht an HEA chun córas olléifeachtach ríomhaireachta náisiúnta a aithint. Ba é an cuspóir ná córas a aithint a sholáthródh go costéifeachtach uaschéimniú straitéiseach i leibhéal na heolaíochta ríomhaireachtúla in Éirinn sa dóigh is go mbeidh córas ríomhaireachta fíoréifeachtach ar fáil agus moladh IBM Blue Gene sa deireadh. Síníodh conraí ag deireadh mhí na Samhna agus cuireadh an córas isteach agus coimisiúnadh é i mbarr-ama, ag críochnú a thástála inghlacthachta díreach tar éis na Nollag. Glacadh go foirmiúil lena sheachadadh ar an 27 Nollaig 2007.

The Blue Gene system, consisting of one rack of Blue Gene/P to be run as a production system, and one rack of Blue Gene/L for development and testing, has been purchased by DIAS with the sanction of the HEA on the understanding that it will be hosted in the national hosting service operated by HEAnet, and that it will be run as a national service by ICHEC. All seven universities, as well as the Tyndall National Institute, the Royal College of Surgeons (RCSI) and Dublin Institute of Technology (DIT) have agreed to support the operational costs of running the national facility in a unique partnership of third level research institutes under the leadership of the Institute.

4 Community contributions

Members of the Section gave advanced lectures to undergraduate classes in various local universities, served on various academic committees, acted as PhD examiners, peer reviewers for journals and funding agencies etc. In addition Prof. Felix Aharonian served as a member of the European Astronet Infrastructure Roadmap Panel A and was one of the referees for the European Space Agency's Cosmic Vision 2015–2025 strategic planning exercise. He was also a co-director of the LEA (Laboratoire Européen Associé) on High-Energy Astrophysics and an external scientific member of the Max Planck Institut f'ur Kernphysik in Heidelberg and a member of the Heidelberg Graduate School of Fundamental Physics at the University of Heidelberg.

Prof. Tom Ray served as chairman of the e-MERLIN steering committee overseeing radio astronomy facilities in the UK and also as a member of the European Space Agency's Time Allocation Committee for the Herschel space observatory. Prof. Evert Meurs served as a member of the joint management committee of the Armagh Observatory and Planetarium and also edited a national plan for astronomy on behalf of the Royal Irish Academy's (RIA's) Astronomy and Space Science Committee.

5 Statutory Public Lecture and Outreach

The JWST project scientist, Prof. John Mather, who was awarded the Nobel Prize for Physics in 2006, delivered the School's statutory public lecture on 14th June 2007 in the Clinton auditorium, UCD.

An expanded programme of open nights and other outreach events was commenced in Dunsink and will be progressively expanded in 2008.

Schröedinger, the national capability computing Blue Gene/P machine installed in HEAnet's national hosting facility.

Schröedinger, an gléas ríomhaireachta Blue Gene/P a suiteáladh in áisínteacht náisiúnta aíochta HEAnet.

Sa chóras Blue Gene tá raca amháin de Blue Gene/P le bheith oibrithe mar chóras táirgthe, agus tá raca amháin de Blue Gene/L le haghaidh forbairt agus tástáil. Cheannaigh an DIAS é, le cead an HEA, ar an tuiscint go n-óstáilfear é sa seirbhís óstála náisiúnta a oibríonn HEAnet agus go rithfidh ICHEC é mar sheirbhís náisiúnta. Aontaíonn na seacht n-ollscoil uile, Institiúid Náisiúnta Tyndall, Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn (RCSI), agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DIT) go dtacóidh siad le costas reatha na háise náisiúnta seo i gcomhoibriú uathúil d'Institiúidí taighde tríú leibhéil náisiúnta a bheidh faoi cheannaireacht na hInstitiúide.

4 Rudaí atá déanta ar son phobal

Thug baill rannóige ardléachtaí do ranganna fochéimithe in ollscoileanna éagsúla áitiúil, d'fóin siad ar choistí éagsúla acadúla, bhí siad ina scrúdaitheoirí PhD, ina n-athbhreithnitheoirí piaraí d'irisí agus do ghníomhaireachtaí mhaoiniúcháin, srl. Anuas air sin, d'fhóin an tOll. Felix Aharonian mar bhall den tSlí chun Infreastruchtúir Eorpaigh Astronet, Painéal A, agus ba dhuine é de na moltóirí don bheart pleanála straitéiseach Fís Chosmach 2015-2025 de chuid Ghníomhaireachta Spáis na hEorpa. Chomh maith leis sin, bhí sé ina chomhstiúrthóir den Laboratoire Européen Associé ar Réaltfhisic Ardfhuinnimh agus ina bhall eolaíochta seachtrach den Max Planck Institut f'ur Kernphysik i Heidelberg agus ina bhall den Scoil Chéimithe Bhunfhisic Heidelberg ag Ollscoil Heidelberg.

D'fhóin an tOll. Tom Ray mar chathaoirleach an choiste stiúrtha e-Merlin ag déanamh maoirseachta ar shaoráidí radairéalteolaíochta sa Ríocht Aontaithe agus freisin mar bhall de Choiste Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa a Roinn an tAm le haghaidh Réadlann spáis Herchel. D'fhóin an tOll. Evert Meurs mar bhall de Réadlann agus de Phláinéadlann Ard Mhacha agus rinne sé eagarthóireacht ar phlean náisiúnta réalteolaíochta thar ceann Choiste Réalteolaíochta agus Spáseolaíochta an RIA chomh maith.

5 Léacht Phoiblí Reachtúil agus For-rochtain

Thug an tOll. John Mather, eolaí den tionscadail JWST, léacht phoiblí reachtúil na Scoile ar an 14 Meitheamh 2007 i Halla Éisteachta Clinton, UCD. Bronnadh Duais Nobel don Fhisic air i 2006.

Thosaigh clár leathnaithe d'oícheannta oscailte agus d'ócáidí for-rochtana i nDún Since agus forbrófar é de réir a chéile i 2008.

Geophysics Section Research Summary 2007

The highlight of the Geophysics Section for 2007 was the culmination of the search for a seismologist into the academic ranks. Professor Sergei Lebedev of Utrecht accepted the position, and will join the School in 2008. Professor Lebedev is quickly establishing himself as one of the world's foremost seismologists in full waveform modelling of seismic waves travelling through a highly complex inhomogeneous Earth. Many around the world are already using his approaches and codes, and his move to DIAS will enhance DIAS's international reputation.

The year saw a turn-over of some of those who had started at the same time as Senior Professor Alan Jones in 2004. The Ph.D. thesis of Mr. Chuong Van Do was examined in January, and was accepted. Dr. Max Moorkamp, working on joint inversion of seismic and electromagnetic data, successfully defended his thesis in September 2007. Dr. Moorkamp stayed on with the Section for five months as a Post-Doctoral Scholar in order to advance the non-linearized genetic algorithm approach to include other types of seismic data. Dr. Moorkamp moves to the German Marine Institute, GEOMAR, in March, but intends to continue his collaboration with Professor Alan Jones and the new Post-Doctoral Fellow and Ph.D. student in Joint Inversion, funded by Science Foundation Ireland (SFI). Mark Hamilton also submitted his thesis, and moved to industry, EMGS of Norway, in November 2007. Dr. Anna Chabert left in November 2007 for a Post-Doctoral position with the Southampton Oceanography Centre. Dr. Tadashi Yamasaki, the CosmoGrid Fellow undertaking numerical modelling of the Earth, joined Professor Sierd Cloetingh's group at the Vrjie University of Amsterdam in the summertime after a very productive two and a half years in the Section. Finally, Ms. Jessica Spratt left the group after three years as the Geophysical Field Technician focussed on magnetotellurics. After a competitive search, Mr. Colin Hogg was appointed to the vacant position in November 2007.

On a national front, Professor Alan Jones was successful in securing funding, through a Griffith award, for the staff required to initiate the Irish Geoscience Graduate Programme (IGGP). As currently envisioned, the IGGP will expose graduate students to broad-based geoscience through the provision of Short Courses at the appropriate institution, wherever that may be across the whole of the island of Ireland. A competition will be held in early 2008 to hire a Co-ordinator for two years to develop the initiative, and subsequently an Administrator will be hired to run it.

Geoifisic

I 2007 ba bhuaic í do Rannóg na Geoifisice gur aimsíodh seismeolaí don fhoireann. Ghlac an tOllamh Sergei Lebedev, Utrecht, leis an bpost agus beidh sé ag teacht go dtí an Scoil i 2008. Tá an tOllamh Lebedev á chruthú féin go tapa mar dhuine de phríomhsheismeolaithe an domhain i samhaltú tonnchruthach de thonnta seismeacha ag taisteal trí Dhomhan sárchoimpléacs neamhaonchineálach. Cheana féin, tá a mhodhanna agus a chóid in úsáid go forleathan timpeall an domhain agus cuirfidh a theacht go DIAS go mór le clú idirnáisiúnta DIAS.

Bhí athrú foirne i gcás cuid díobh siúd a thosaigh ag an am céanna leis an Ollamh Sinsearach Alan Jones i 2004. Rinneadh iniúchadh ar thráchtas PhD an Uas. Chuong Van Do i mí Eanáir agus glacadh leis. D'éirigh le Dr. Max Moorkamp, ag obair ar chomhinbheartú sonraí seismeacha agus leictreamaighnéadacha, a thráchtas a chosaint i mí Mheáin Fhómhair, agus lean sé ar aghaidh sa Rannóg ar feadh cúig mhí mar Scoláire Iardhochtúra d'fhonn cur chuige algartaim géinitigh neamhlíneachtaithe a chur ar aghaidh le cineálacha sonraí seismeacha eile san áireamh. Beidh an Dr Moorkamp ag bogadh go dtí Foras Mara na Gearmáine i mí an Mhárta ach tá sé beartaithe aige leanúint ag comhoibriú leis an Ollamh Alan Jones agus leis an Ánra Iardhochtúireachta nua agus an mac léinn Ph.D. sa Chomhinbheartú atá maoinithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Chuir Mark Hamilton a thráchtas isteach freisin agus bhog sé go tionscal, EMGS san Iorua, i mí na Samhna 2007. D'fhág Anna Chabert i mí na Samhna 2007 le haghaidh post Iardhochtúireachta leis an Iárionad aigéaneolaíochta i Southampton. D'imigh an tÁnra CosmoGrid, Dr. Tadashi Yamasaki ag tabhairt faoi mhúnlú uimhriúil an domhain, le grúpa an Ollaimh Sierd Cloetingh in Ollscoil Vrjie, Amsterdam, sa samhradh tar éis dhá bhliain go leith an-táirgiúla a chaitheamh sa Rannóg. D'fhág Ms. Jessica Spratt an grúpa tar éis trí bliana mar Theicneoir Geoifisice Allamuigh, ag díriú ar chúrsaí mhaighnéadaiteallúireacha. Tar éis cuardach comórtais a dhéanamh, ceapadh an tUasal Colin Hogg don bhfolúntas i mí na Samhna 2007.

Ag an leibhéal náisiúnta d'éirigh leis an Ollamh Alan Jones maoiniú a fháil, trí ghradam Griffith, don fhoireann atá riachtanach chun tús a chur leis an gClár Éireannach Geo-eolaíochta do Chéimithe (IGGP). Faoin IGGP, mar a shamhlaítear faoi láthair é, geobhaidh mic léinn iarchéime taithí leathan ar an ngeo-eolaíocht trí Ghearrchúrsaí in institiúidí cuí, cibé áit a bhfuil siad ar oileán na hÉireann. Cuirfear comórtas ar bun go luath i 2008 chun Comhordaitheoir a earcú ar feadh thréimhse dhá bhliain chun an tionscnamh a fhorbairt agus earcófar Riarthóir le hé a rith ina dhiaidh sin.

On the European research front, TOPO-EUROPE was accepted as a European Science Foundation's EUROCORES project, and over 70 provisional Common Research Projects (CRPs) were submitted in Spring. Of those, some 24 went forward to full proposal stage in the Autumn, with two having strong involvement from Section members (Professor Alan Jones and Professor Lebedev). One of the two was finally approved by the EUROCORES committee, and the relevant Research Councils involved will be asked to give their commitment to this proposal, named TOPO-MED, in early 2008. TOPO-MED will focus on the tectonics of the Western Mediterranean, and complements PICASSO activities.

On the international front, the Section continued to support the AfricaArray initiative through providing a mentor, Ms. Marion Miensopust, to the University of the Witwatersrand's Geophysical Field School. The Section will continue to try to support AfricaArray, which is a unique programme for geophysical research and education in sub-Saharan Africa, through seeking funding for seismological observatories.

The research activities of the Section continued at the frenetic pace of the last few years. In total, members of the Section were authors or co-authors on a total of eight papers published in international journals, and a further six were submitted for consideration and are in the review process.

Combining seismological and electromagnetic data, both quantitatively and qualitatively, progressed significantly in 2007. In particular, the Section hosted the first St. Patrick's Geophysical Workshop for three days prior to St. Patrick's Day, on the topic Joint Inversion of Geophysical Data. Over 20 people attended the workshop, with approx. three-quarters coming from outside Ireland. Dr. Max Moorkamp and Professor Alan Jones, together with Professor David Eaton, an Honorary Professor of the School, published the first international journal paper on the work of jointly inverting receiver function data and magnetotelluric data using data from sites in northern Canada. Mark Hamilton and Professor Alan Jones continued to study seismic and electrical anisotropy of Southern Africa, and developed a new model to explain the observations of seismic anisotropy of vertically-travelling waves, the so-called SKS phase. This new model more completely explains the observations than any prior model, including the two end-member models of the anisotropy residing wholly within the lithosphere (Silver model) or wholly within the asthenosphere (Vinnik model).

Ag leibhéal an taighde Eorpaigh, glacadh le TOPO-EUROPE mar thionscadal EUROCORES de chuid Fondúireacht Eolaíochta na hEorpa agus seoladh isteach breis is 70 Comhthionscadal Taighde sealadacha san Earrach. Shroich 24 díobh seo céim an togra iomlán san Fhomhar, agus bhí baint mhór ag baill Rannóige an Ollaimh Jones agus an Ollaimh Lebedev le dhá cheann díobh. Faoi dheireadh, cheadaigh coiste EUROCORES ceann den dá cheann agus go luath i 2008, iarrfar ar na Comhairlí Taighde cuí atá páirteach geallúntas a thabhairt don togra, ar a dtugtar TOPO-MED. Díreoidh TOPO-MED ar theicteonaic na Meánmhuirí iartharaigh agus déanfaidh sé gníomhaíochtaí PICASSO a chomhlánú.

Ag an leibhéal idirnáisiúnta, lean an Rannóg ag tacú le tionscnamh AfricaArray trí mheantóir, Ms Marion Miensopust, a sholáthar do Scoil Geoifisiceach Allamuigh Ollscoil Witwatersrand. Leanfaidh an Rannóg le tacaíocht a thabhairt d'AfricaArray, clár uathúil don taighde geoifisice agus don oideachas san Afraic fho-Shahárach, trí mhaoiniú a lorg do réadlanna seismeolaíochta.

Lean gníomhaíochtaí thaighde na Rannóige ag ráta fraochmhar na mblianta beaga anuas. San iomlán, foilsíodh ocht bpáipéar le baill foirne, mar údair nó mar chomhúdair, in irisí idirnáisiúnta, agus cuireadh sé cinn eile faoi bhráid eagarthóirí agus tá siad fós sa phróiseas athbhreithnithe.

Bhí dul chun cinn suntasach cáilíochtúil agus cainníochtúil maidir le comhcheangailt sonraí seismeolaíochta agus leictreamaighnéadacha i 2007. Go háirithe, d'óstaigh an Rannóg an chéad Cheardlann Geoifisice Naomh Pádraig ar feadh trí lá roimh Lá Fhéile Pádraig, ar an ábhar Comhinbheartú Sonraí Geoifisice. D'fhreastail os cionn 20 duine ar an gceardlann, thart ar thrí cheathrú díobh ó thíortha eile. D'fhoilsigh an Dr. Max Moorkamp agus an tOllamh Alan Jones, in éineacht le David Eaton, duine d'Ollúna Oinigh na Scoile, an chéad pháipéar in iris idirnaisiúnta ar an obair faoi aisiompú sonraí ar fheidhm glacadóirí agus sonraí maighnéadaiteallúireacha le chéile, ag úsáid sonraí ó láithreáin i dtuaisceart Cheanada. Lean Mark Hamilton agus ag an tOllamh Alan Jones ag staidéar ainiostrópacht sheismeach agus leictreonach dheisceart na Afraice agus d'fhorbair siad samhail nua leis na breathnuithe d'ainiostrópacht sheismeach i dtonnta taistil ingearacha, an chéim SKS mar a thugtar air, a mhíniú. Tugann an tsamhail nua seo míniú níos iomláine ar na breathnuithe ná aon samhail roimhe seo, fiú an dá shamhail cheannbhaill den ainiostrópacht a bhíonn go hiomlán sa litisféar (samhail Silver), no go hiomlán san astanaisféar (samhail Vinnik).

Research as part of the Southern African Magnetotelluric Experiment (SAMTEX) continued through the activities of Post-Doctoral Fellow Dr. Mark Muller and Ph.D. candidates Mark Hamilton and Marion Miensopust, and Professor Alan Jones. A scientific highlight for 2007 was the development of the anisotropy model (above). Dr. Muller spent a considerable time preparing for the 2008 Phase IV acquisition. This phase will include measurements in the Central Kalahari Game Reserve, an area 75% the size of the island of Ireland but without any towns or villages whatsoever and with testing conditions, such as thick Kalahari sands, that requires particular attention to logistics and to Health and Safety. Over twenty presentations, seven invited keynote presentations, were made on SAMTEX work at international workshops and conferences.

DIAS's part of the PICASSO project, Program to Investigate the Cause of the Alboran-AtlaS System convective Overturn, was initiated with a successful field programme in October-November in Spain. Ph.D. candidate Jan-Philipp Schmoldt led the acquisition, ably assisted by Mr. Colin Hogg. Magnetotelluric data were acquired with Phoenix broadband systems at a total of 26 sites in 52 days. On 21 sites additional measurements with LVIV long period instruments were carried out to enable higher resolution investigation of the Earth's upper mantle.

The Marine EM group carried out the SFI-funded Galway Bay project. This project studies the upper 20m of the seafloor using a multidisciplinary approach. Unfortunately, the EM instrument malfunctioned after 1 hour of operation, but the survey continued with acquisition of acoustic data, sediment and water samples, and also current speed. Additional funding from the INFOMAR project allowed us to acquire four 6 m vibro-cores in the Bay. These will be used to constrain the physical properties of the physical methods that we used, and to study the sediment deposition of Galway Bay and try to unravel its glacial history. The Malin sea experiment EM data have been successfully integrated with other datasets, allowing us to constrain the physical properties of the sediments in the area in an unprecedented way. Two manuscripts with results from this experiment are being prepared.

Is trí ghníomhaíochtaí an Ánra Iardhochtúireachta, an Dr. Mark Muller, iarrthóirí Ph.D. Mark Hamilton agus Marion Miensopust, agus an tOllamh Alan Jones a lean an taighde ar aghaidh mar chuid den Turgnamh Maighnéadaiteallúireach na hAfraice Theas (SAMTEX). Buaic eolaíochta i 2007 ba ea forbairt na samhla ainiostrópachta (thuas). Chaith an Dr Muller cuid mhór ama ag ullmhú do Chéim IV den chlár fála do 2008. Sa chéim seo beidh tomhais á ndéanamh in Anaclann Ghéime an Kalahari Láir, ceantar atá 75% d'achar oileán na hÉireann ach gan baile ná sráidbhaile ar bith ann agus tá coinníollacha deacra ann, gainimh tiubha mar shampla, ina bhfuil gá ann aird a dhíriú ar lóistíochta agus ar Shláinte agus Sábháilteacht. Cuireadh níos mó ná fiche léacht i láthair, ina measc seacht léacht thábhachtacha ó chuairteoirí, ar obair SAMTEX ag ceardlanna agus comhdhálacha idirnáisiúnta.

Cuireadh tús le cuid DIAS de thionscadal PICASSO, clár chun an t-aisiompú dronnach sa chóras Alborach-Atlas a scrúdú, le clár rathúil allamuigh i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna sa Spáinn. Bhí Jan-Philipp Schmoldt, iarrthóir Ph.D., i gceannas ar an bhfáil, agus chabhraigh an tUasal Colin Hogg leis go héifeachtach. San iomlán, fuarthas sonraí maighnéadaiteallúireacha le córais leathanbhanda Phoenix ag 26 láithreán thar 52 lá. Ar 21 láithreán, rinneadh tomhais bhreise le huirlisí fadtréimhseacha LVIV chun iniúchadh taifeach níos airde a dhéanamh ar an maintlín is uachtaraí den Domhain.

Rinne grúpa EM na Mara an tionscadal a mhaoinigh SFI i mBá na Gaillimhe. Scrúdaíonn an tionscadal seo na 20 m is uactaraí de ghrinneall na farraige ag baint úsáide as cur chuige idirdhisiplíneach. Ar an drochuair, theip ar an uirlis EM tar éis uair an chloig ach lean an suirbhé ar aghaidh ag fáil sonraí fuaime, samplaí de dhríodair agus d'uisce, agus fuarthas eolas ar luais reatha freisin. Le maoiniú breise ón tionscadal INFOMAR, bhíomar in ann ceithre shampla talún de dhoimhneacht 6 m a fháil sa Bhá. Úsáidfear iad seo chun airíonna fisiceacha na modhanna fisiciúla a d'úsáideamar a thuiscint; chun slí-leagan dríodair Bá na Gaillimhe a scrúdú agus a stair oighreach a réiteach. Tá na sonraí EM ó thurgnamh Mhuir Mhálanna comhtháite go maith le tacair sonraí eile ag tabhairt deise dúinn airíonna fisiceacha na ndríodar sa limistéar a thuiscint ar bhealach nárbh fhéidir linn go dtí seo. Tá dhá lámhscríbhinn le torthaí ón turgnamh seo á n-ullmhú.



The LAPIS project, to study the internal structure of the island of La Palma, was initiated. The goal of this project is to explore and map the western flank of the island to understand the evolution of the island and map a potentially unstable block that, if released, would generate a catastrophic tsunami wave that would engulf much of the northern Atlantic. The results from this preliminary project show a 1 km thick structure on the western flank that correlates well with one mapped by geologists using surface information.

Numerical simulation of the Earth's three-dimensional electrical resistivity structure continued through the CosmoGrid-funded support to Research Fellow Dr. Dmitry Avdeev and Ph.D. candidate Anna Avdeeva, and the work of Professor Alan Jones and Ph.D. candidate Marion Miensopust. The work of both groups is focussed on determining both the responses from a 3-D model of the Earth, the "forward" problem, and the geometry of 3-D structure from surface observations, the "inversion" problem. Advances by Dr. Dmitry Avdeev and Anna Avdeeva were made in the area of how to choose the optimum path for reducing the misfit whilst simultaneously finding the smoothest model (Tikhonov regularization). Anna Avdeeva submitted her thesis for examination in mid-December. Marion Miensopust and Professor Alan Jones, with colleagues Professors Anna Marti and Pilar Queralt of the University of Barcelona, considered primarily the forward problem, and compared and contrasted a number of codes for determining the surface response functions. Marion Miensopust, Professor Pilar Queralt and Professor Alan Jones prepared test models and datasets for distribution around the EM induction community in advance of the 2008 St. Patrick's Geophysical Workshop, which will have the theme Three-Dimensional Inversion of Magnetotelluric Data.

The ISLE and ISLE-MT projects, for seismological and magnetotelluric studies of the Iapetus suture which closed the Iapetus ocean that separated northern Ireland from southern Ireland, concluded. The first paper from ISLE-MT was published during the year, and subsequent papers are being completed by the PostDoctoral Fellow Dr. C.K. Rao from his home institution in Mumbai, India. Professor Peter Readman was funded by Science Foundation Ireland to continue the seismological work (ISLE-2).

The HADES project, which is studying the crustal structure below the Hatton Bank of offshore Ireland below the Atlantic Ocean, came to conclusion with Ph.D. candidate Anne Chabert leaving in November 2007.

Cuireadh tús leis an tionscadal LAPIS le struchtúr inmheánach oileán La Palma a scrúdú. Is é aidhm an tionscadail seo ná cliathán iartharach an oileáin a iniúchadh agus a mhapáil le héabhlóid an oileáin a thuiscint agus chun bloc a mhapáil a d'fhéadfadh a bheith chomh héagobhsaí sin, dá dtitfeadh sé, go slogfadh tonn ollmhór súnámaí cuid mhór den Atlantach Thuaidh. Léiríonn torthaí an réamhthionscadail seo struchtúr tiúis 1 km ar an gcliathán iartharach a réitíonn go maith le ceann a mhapáil geo-eolaithe ag baint úsaide as sonraí an dromchla.

Leanadh ar aghaidh le hinsamhladh uimhriúil ar struchtúr friotachais leictreach tríthoiseach an domhain le hairgead CosmoGrid don Ánra Taighde an Dr. Dmitry Avdeev agus don iarrthóir Ph.D. Anna Avdeeva, mar aon le hobair an Ollaimh Alan Jones agus an iarrthóra Ph.D Marion Miensopust. Díríonn taighde an dá ghrúpa araon ar dhearbhú na bhfreagairtí ó shamhail 3T den Domhan, an fhadhb "chun tosaigh", agus céimseata an struchtúir 3T ó bhreathnaithe dromchla, an fhadhb "aisiompaithe". Rinne an Dr. Dmitry Avdeev agus Anna Avdeeva dul chun cinn sa réimse conas an bealach is fearr a roghnú leis an mhí-oiriúnacht a laghdú fhad is atá an tsamhail is réidhe á aimsiú (tabhairt chun rialtacht Tikhonov). Chuir Anna Avdeeva a tráchtas faoi bhráid na scrúdaitheoirí i lár mhí na Nollag. Dhírigh Marion Miensopust agus an tOllamh Alan Jones, lena gcomhleacaithe, na hOllúna Anna Marti agus Pilar Queralt ó Ollscoil Barcelona, go príomha ar an bhfadhb chun tosaigh, agus chuir siad roinnt cód chun feidhmeanna na bhfreagairtí dhromchla a dhearbhú i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile. D'ullmhaigh Marion Miensopust, Queralt agus an tOllamh Alan Jones samhlacha tástála agus tacair sonraí le dáileadh ar chuallacht an ionduchtaithe EM roimh Ceardlann Geoifisice Naomh Pádraig 2008 a mbeidh Three-Dimensional Inversion of Magnetotelluric Data mar théama aici.

Críochnaíodh na tionscadail ISLE agus ISLE-MT le haghaidh staidéar seismeach maighnéadaiteallúireach ar an uaim Iapetus, a dhún an tAigéan Iaipéitis idir tuaisceart agus deisceart na hÉireann. Foilsíodh an chéad pháipéar ó ISLE-MT i rith na bliana agus tá tuilleadh páipéar á gcríochnú ag an Ánra Iardhochtúireachta, an Dr. C.K. Rao, óna institiúid i Mumbai, san India. Mhaoinigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann an tOllamh Peter Readman chun leanúint lena chuid oibre seismeolaíochta (ISLE-2).

Críochnaíodh tionscadal HADES, a scrúdaíonn an screamhstruchtúr faoi Bhruach Hatton amach ó chósta na hÉireann faoin Aigéan Atlantach, le himeacht iarrthóir Ph.D. Anne Chabert i mí na Samhna 2007.

One highlight of the geodynamic modelling was the generation of data from analogue modelling experiments, conducted at the modelling facility of Vrjie University, for comparison with numerical codes. The final quarter of 2007 saw the return visit of John Sheehan to the Vrije University in Amsterdam. The visit was to the analogue modelling laboratory, headed by Professor Dimitrios Sokoutis, that forms part of Professor Sierd Cloetingh's group. The goal of the visit was to perform extensional, lithosphere scale analogue models in ambient gravity. The purpose of the experiments was to investigate the effects of weakened zones on the resulting rifting process. The models were completed successfully and currently the implications of the results from these experiments are under consideration. As well as providing direct insights into the rifting process, the models also provide an excellent opportunity for the benchmarking of numerical codes. Courtesy of the internal parallel computing cluster provided by DIAS, and the ICHEC Rowan computing cluster in UCD, work on the comparison of these two differing methodologies, analogue and numerical, is ongoing.

Two seismic stations, namely DSB in the Dublin mountains and VAL at the Met Éireann Valentia Observatory, now report data in real-time through internet connection into DIAS. These data are further transmitted to Potsdam for inclusion in the global GEOFON network for automatic earthquake event location determination. Efforts continued to convince the Government of the need for a modern seismic network for Ireland, particularly as an integral component in a national Tsunami Warning System and as a contribution to a Northeast Atlantic and Mediterranean Tsunami Warning System.

Finally, the Section's Outreach grew enormously with the incipient Seismology in Schools (Seismeolaiocht sa Scoil) programme. The Section purchased 7 seismometers from the U.K. manufacturer, and another 38 have been ordered for the Educational Centres and for the Geological Survey of Ireland. The Seismology in Schools Pilot Project is being introduced and promoted by the Geophysics Section and Discover Science as a result of increasing interest by students in earthquakes, and Earth science in general, and both primary and secondary schools will participate in the pilot programme. DIAS held a very successful "Train the Teachers" Day in December 2007 to introduce teachers to the pilot programme and how to promote the pilot programme in the schools. The Section is introducing this pilot programme as its contribution to the International Year of Planet Earth (IYPE) Programme as inaugurated by the UN earlier in 2007.

Buaic amháin den samhaltú geoidinimice ba ea na sonraí a ghin trialacha sa samhaltú analógach a rinneadh ag saoráid samhaltaithe Ollscoil Vrjie, le comparáid a dhéanamh le cóid uimhriúla. I ráithe dheiridh 2007, rinne John Sheehan athchuairt ar Ollscoil Vrije, Amsterdam, chuig an saotharlann samhaltaithe analógach atá faoi cheannas an Ollaimh Dimitrios Sokoutis atá ina chuid de ghrúpa an Ollaimh Sierd Cloetingh. Ba é aidhm a chuairte ná chun samhlacha analógacha sínte litisféar de réir scála a dhéanamh i ndomhantharraingt chomhthimpeallach. Ba é aidhm na dturgnamh ná scrúdú a dhéanamh ar iarmhairtí na gcriosanna lagaithe ar an bpróiseas scoilte a tharla dá bharr. Críochnaíodh na samhlacha go rathúil agus tá impleachtaí thorthaí na dturgnamh faoi bhreithniú faoi láthair. Chomh maith le léargais dhíreacha a sholáthar ar an bpróiseas scoilte, soláthraíonn na samhlacha deis iontach chun na cóid uimhriúla a thagarmharcáil. Tá braisle ríomhaireachta comhuainí inmheánaí DIAS agus braisle ríomhaireachta ICHEC Rowan UCD á soláthar chun obair ar chomparáidí idir an dá mhodheolaíocht éagsúla, an modh analógach agus an modh uimhriúil.

Soláthraíonn dhá stáisiúin seismeacha sonraí i réad-am anois trí nasc idirlín le DIAS, .i., DSB i Sléibhte Átha Cliath agus VAL ag Réadlann Dhairbhre Met Éireann. Cuirtear na sonraí seo ar aghaidh ansin chuig Potsdam le cur isteach sa líonra domhanda GEOFON, d'fhonn a fháil amach go huathoibríoch na háiteanna a bhfuil creathanna talún ag tarlú. Leanadh le hiarrachtaí a chur ina luí ar an Rialtas go bhfuil líonra nua-aimseartha seismeach riachtanach d'Éirinn, go háirithe mar bhunchuid de Chóras Réamhrabhaidh Súnámaí (CRS) agus mar chuid de CRS don Atlantach Thoir Thuaidh agus don Mheánmhuir.

Mar fhocail scoir, bhí fás mór ar Fhor-rochtain na Rannóige leis an gclár nua Seismeolaiocht sa Scoil. Cheannaigh an Rannóg 7 seismiméadar ón déantóir sa Ríocht Aontaithe agus tá 38 eile ar ordú dos na hlonaid Oideachais agus do Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann. Tá an Tionscadal Seismeolaiocht sa Scoil á thabhairt isteach agus á chur chun cinn ag Rannóg na Geoifisice agus Discover Science mar thoradh ar an méadú suime i measc mac léinn i gcreathanna talún agus sa Domhaneolaíocht go ginearálta, agus beidh bunscoileanna agus méanscoileanna araon páirteach sa chlár píolótach. Bhí "Lá Oiliúna na nOidí" an-rathúil ag DIAS i mí na Nollag 2007 leis an gclár píolótach a thaispeáint dóibh agus conas é a chur chun cinn sna scoileanna. Tá an Rannóg ag tabhairt an chláir phíolótaigh seo isteach mar a cuid féin de Chlár Bhliain Idirnáisiúnta Phlainéad an Domhain (IYPE) a bhunaigh na Náisiúin Aontaithe níos luaithe i 2007.

School of Theoretical Physics
Scoil na Fisce Teoiriciúla

In the wide field of understanding and controlling nature, the main task of the School is research in fundamental problems of physics. The emergence of technological consequences is expected, but it is well known that the most important applications are usually unforeseen when the research is carried out. A strong push by funding agencies towards applications often resembles the attempt to make plants grow by pulling. Nevertheless, the importance of applications was already stated by the founders of the Institute and never forgotten. Indeed, the late Professor John Lewis developed the use of probability theory for communication networks, which led to the founding of a successful company, Corvil Networks. At present the theoretical and experimental study of the fractional quantum Hall effect has created favourable circumstances for a new initiative. Quantum Information, Quantum Computing Information and Communication Technology are currently entering the quantum age. Quantum encoding has been achieved and even commercialized, whereas quantum computing will need many years of development. Both areas need much theoretical study.

At DIAS and during an extended visit to Cambridge, Prof. Dorlas determined the capacity of a large class of channels with long-term memory to transmit quantum coded information, in collaboration with Dr. Nilanjana Datta and Y. Suhov (Cambridge). With PhD student Ciara Morgan he obtained the capacity of an amplitude-damping channel and constructed an example of a channel with long-term memory for which the capacity to carry quantum information has new features.

Quantum computers will revolutionize computations in chemistry, molecular biology and certain areas of mathematics. They will allow the rapid solution of problems which on ordinary computers would take longer than human history. If the laws of quantum mechanics can be applied to large systems, their construction is possible, but their operation depends on an extremely efficient shielding from external noise. The study of fractional quantum Hall systems in the context of conformal quantum field theory strongly suggests the existence of quasi-particles which would be largely immune from external perturbations. According to our best judgement this is a research direction with great practical potential in which Ireland can take the lead. The School has much experience in the study of quantum information and conformal field theory and it is to be hoped for that funding agencies can be convinced that an investment in this area will be beneficial for Ireland's future.

Ríomse leathan na tuisceana agus i rialú an nádúir, is í príomhfheidhm na Scoile taighde a dhéanamh ar bhunfhadhbanna na fisice. Cé go mbíonn súil le teacht chun cinn torthaí teicneolaíochta, tuigtear go maith nach mbíonn súil leis na torthaí praiticiúla is tábhachtaí a thagann chun cinn agus an taighde á dhéanamh. Bíonn brú láidir ó na gníomhaireachtaí maoiniúcháin i dtreo torthaí praiticiúla: is ionann an dearcadh seo agus duine ag tarraingt ar phlanda chun é a fhás. Mar sin féin bhí tábhacht na dtorthaí praiticiúla luaite ag bunaitheoirí na hinstitiúide agus ní dhearnadh dearmad di riamh. Go deimhin, d'fhorbair an tOllamh John Lewis, nach maireann, úsáid theoiric na dóchúlachta do líonraí cumarsáide, ónar eascair comhlacht rathúil Corvil Networks. Inniu, tríd an staidéar teoiriciúil agus trialach ar iarmhairt chodánach chandamach Hall, tá cúinsí báúla cruthaithe do thionscnamh nua, Faisnéis Chandamach agus Ríomhaireacht Chandamach.

Tá an Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide ag teacht isteach i ré an chandaim faoi láthair. Tá ionchódú candamach bainte amach agus tá sé in úsáid i ndomhan na tráchtála fiú, ach beidh blianta fada forbartha riachtanach i gcás na ríomhaireachta candamaí. Beidh go leor staidéir theoiriciúil riachtanach sa dá réimse.

Ag DIAS, agus i rith cuairte fadaithe go Cambridge, dhearbhaigh an tOllamh Dorlas, i gcomhar leis an Dr. Nilanjana Datta agus Y. Suhov (Cambridge), toilleadh d'aicme mhór de chainéil a raibh cuimhne fhadthéarmach acu chun faisnéis chódaithe chandamach a thraschur. Le mac léinn PhD Ciara Morgan, fuair sé amach toilleadh de cainéal amplitiúid-mhaolaithe agus chuir sé sampla le chéile de chainéal a bhfuil cuimhne fhadthéarmach aige a bhfuil gnéithe nua ag a thoilleadh le faisnéis chandamach a iompar.

